

Eacnamaíocht Bhaile



Ábhar is ea an Eacnamaíocht Bhaile ina bhfoghlaímíonn tú conas aire a thabhairt duit féin, do dhaoine eile, do d'áit chónaithe agus don timpeallacht. Ábhar an-phraiticiúil is ea í agus beidh mórchuid gníomhaíochtaí ar bun agat ar scoil agus sa bhaile.

Cad a bheidh le foghlaim agam san Eacnamaíocht Bhaile?

Seo cuid de na rudaí a fhoghlaimíonn tú:

- bia – mar a chothaíonn sé thú, conas é a roghnú, a stóráil, a ullmhú agus a chócaráil
- airgead – conas é a chaitheamh go ciallmhar, conas é a choigilt agus na cosaintí atá agat mar thomhaltóir
- d'áit chónaithe – dearadh sa teach, sábháilteacht agus sláinteachas, agus teicstílí sa teach
- do shláinte – conas a bheith sláintiúil, foghlaim faoi róil agus faoi ghaolmhaireachtaí
- dearadh agus ceardaíocht, forás leanaí, teicstílí – déanfaidh tú tionscadal ar obair chúrsa i gceann de na réimsí seo.

Conas a fhoghlaimíonn mé an Eacnamaíocht Bhaile ar scoil?

Seo cuid de na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh leis an múinteoir agus leis an rang:

- oidis a leanúint agus a chócaráil, i bpéirí nó i d'aonar
- tionscadail a dhéanamh ar bhia
- úsáid a bhaint as téacsleabhair, DVDanna, ríomhchláir agus ábhair eile
- earraí beaga a fhuáil de láimh nó le meaisín fuála duit féin nó don teach.

Rudaí eile a chabhróidh leat bheith ag foghlaim sa rang:

- ceisteanna a chur agus nótaí a bhreacadh síos
- comhad a choinneáil de do chuid oibre, do chuid oideas, agus do shmaointe spéisiúla don obair ceardaíochta nó do theicstílí.
- tuairimí a thabhairt ar rudaí a d'fhéadfá a chócaráil agus a dhéanamh.

Conas a d'fhéadfainn níos mó a fhoghlaim faoin Eacnamaíocht Bhaile lasmuigh den scoil?

Seo cuid de na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh:

- béilí a chócaráil sa bhaile
- má tá tú i mbialann, tabhair aird ar na biachláir, na praghsanna, srl,
- leabharlann, irisí agus an tIdirlíon a úsáid chun eolas agus smaointe a fháil mar gheall ar bhia, ar mhíreanna tí agus ar chúrsaí dearaidh
- féachaint ar chláir chócaireachta agus ar chláir faoi dhearadh inti ar an teilifís
- nuair atá tú ag ceannach éadaí, féach ar na lipéid chúraim agus ar na cineálacha fabraicí atá iontu.

Sa bhaile is féidir leat cabhair a fháil ón teaghlach chun:

- do chomhábhair a eagrú don rang cócaireachta
- ábhair a sholáthar do thionscadail cheardaíochta agus teicstílí.



Conas a bheidh a fhios agam an bhfuil ag éirí liom sa rang?

Inseoidh do mhúinteoir duit:

- na rudaí a rinne tú go maith
- na rudaí nár mhór duit a fheabhsú
- an chaoi le dul i bhfeabhas.

Beidh a fhios agat go bhfuil ag éirí go maith leat nuair:

- is féidir leat oideas a léamh agus a leanúint
- is féidir leat béile blasta a eagrú, a réiteach agus a chócaráil
- is féidir leat earra a dhéanamh m.sh. cúisín duit féin nó don teach.

Cén sórt scrúdaithe atá ann don Eacnamaíocht Bhaile sa Teastas Sóisearach?

Tá trí chuid sa scrúdú Eacnamaíochta Baile sa Teastas Sóisearach:

- obair an chúrsa – le cabhair ón múinteoir, roghnóidh tú tionscadal ó cheann de na réimsí seo a leanas: Forás Leanaí, Dearadh agus Ceardaíocht nó Scileanna Teicstíle
- scrúdú praiticiúil cócaireachta – beidh scrúdú praiticiúil cócaireachta uair go leith agat ina mbeidh ort bia a ullmhú agus a chócaráil
- scrúdú scríofa – beidh scrúdú scríofa agat, ar féidir leat é a thógáil ag an nGnáthleibhéal nó ag an Ardleibhéal. In am trátha, cabhróidh an múinteoir leat an leibhéal is fearr a oireann duit a roghnú.



An mbeidh na rudaí a fhoghlaiméidh mé san Eacnamaíocht Bhaile cosúil leis na rudaí a d'fhoghlaim mé sa bhunscoil?

In OSPS agus in OSIE: Eolaíocht, d'fhoghlaim tú mar gheall ar do chorp, conas aire a thabhairt dó agus cad iad na bianna ar chóir a ithe. Beidh roinnt earraí déanta agat sna hAmharcealaíona a bheidh úsáideach duit agus tú ag tosú ag fuáil sa rang. Beidh rudaí agus ábhair meáite agus tomhastha agat sa Mhatamaitic. Beidh staidéar déanta agat ar thopaicí a bhaineann leis an teaghlach sa Stair, sa Tíreolaíocht agus san Eolaíocht mar chuid d'OSIE.

An mbeidh aon bhaint ag an Eacnamaíocht Bhaile leis na hábhair eile a dhéanfaidh mé?

Beidh. Feicfidh tú naisc leis an Eolaíocht; OSPS; Corpoideachas; Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh; agus Staidéar Gnó.

An mbeidh an Eacnamaíocht Bhaile an-difriúil tar éis an Teastais Shóisearaigh?

San Eacnamaíocht Bhaile ag an Ardteistiméireacht déanfaidh tú staidéar níos sonraithe ar na croí-réimsí:

- Staidéar Bia
- Bainistiú Acmhainne agus Staidéar Tomhaltais
- Staidéar Sóisialta

Roghnóidh tú réimse staidéir roghnach chomh maith:

- Dearadh agus Bainistiú Tí
- Teicstílí, Faisean agus Dearadh
- Staidéar Sóisialta



Conas a chabhróidh an Eacnamaíocht Bhaile liom?

Beidh eolas a fhaigheann tú sa rang úsáideach duit i do shaol laethúil: ag tabhairt aire duit féin, ag siopadóireacht agus ag tabhairt aire do dhaoine eile. Beidh tú níos fearr ag bainistiú do chuid acmhainní agus do chuid ama.

Is iomaí post agus gairm bheatha a bheidh ar fáil duit, m.sh. mar chócaire, i lónadóireacht, i bhfaisean agus teicstílí, san eolaíocht shóisialta, i gcúram leanaí, i múinteoireacht, i dtionscal an bhia, i dturasóireacht, agus i sláinte agus cothú.



Gheobhaidh tú eolas faoin gcúrsa Eacnamaíochta Baile anseo www.curriculumonline.ie

Gheobhaidh tú eolas faoi scrúdú an Teastais Shóisearaigh anseo

www.examinations.ie

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoin Eacnamaíocht Bhaile anseo

www.homeeconomics.ie

www.scoilnet.ie

Tá an bhileog fíricí seo agus bileoga fíricí eile ar fáil le híoslódáil ag www.ncca.ie

NCCA  National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

24 Cearnóg Muirfean, Baile Átha Cliath 2 | Tel: + 353-1-6617177